V

(Fógairtí)

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2023/C 6/05)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

"Tintilia del Molise"

PDO-IT-A0677-AM02

Dáta teachtaireachta: 26.10.2022

TUAIRISC AR AGUS CÚISEANNA LEIS AN LEASÚ FORMHEASTA

1. **Maolú ar an gceanglas nach mór fíonóireacht agus aosú a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe**

Leis an tsonraíocht táirge le haghaidh STFC "Tintilia del Molise" déantar foráil maidir leis an leasú seo a leanas:

Pointe 1 d'Airteagal 5 (Rialacha maidir le fíonóireacht):

"1. Ní mór na hoibríochtaí fíonóireachta, lena n-áirítear aosú na gcineálacha fíona dá dtagraítear in Airteagal 1, a dhéanamh laistigh den limistéar táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 3."

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an mhéid sin:

"1. Ní mór na hoibríochtaí fíonóireachta, lena n-áirítear aosú na gcineálacha fíona dá dtagraítear in Airteagal 1, a dhéanamh laistigh den limistéar táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 3.

I bhfianaise cleachtais táirgthe thraidisiúnta, ceadaítear na hoibríochtaí sin a chur i gcrích laistigh de theorainneacha bhardais Campomarino agus Termoli i gcúige Campobasso."

FORAIS:

Agus an maolú dá bhforáiltear le hAirteagal 5(1)(a) agus (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún á chur i bhfeidhm, féadfar na hoibríochtaí fíonóireachta (lena n-áirítear aosú), agus sa limistéar táirgeachta críochaithe, a dhéanamh freisin i saoráidí atá suite díreach i ngaireacht dóibh, i.e. in aon chuid de chríoch riaracháin bhardasacha Campomarino agus Termoli i gcúige Campobasso.

Tá an leasú seo á dhéanamh chun táirgeadh traidisiúnta na n-oibreoirí sna limistéir bhardasacha thuasluaite a chur san áireamh.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5(1) den tsonraíocht táirge agus le Roinn 9 (Coinníollacha Breise Fíor-riachtanacha (Pacáistiú, Lipéadú, Ceanglais eile)) den doiciméad aonair.

2. **Athrú ar an gComhlacht Rialaithe**

Tá an comhlacht rialaithe athraithe agus is é *Società Agroqualità S.p.A.* atá air anois. – *Società per la certificazione della qualita nell'agroalimentare*. Tá an comhlacht rialaithe sin údaraithe ag an Aireacht Beartais Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta, de bhun Airteagal 64 de Dhlí Uimh. 238/2016, chun an tseiceáil bhliantúil a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha na sonraíochta táirge.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Tintilia del Molise

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Tintilia del Molise **rosso**

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: dath dearg dorcha an rúibín, ar a bhfuil gealáin scothchorcra;

Dea-bholadh: fíonmhar, domhain, taitneamhach, sainiúil;

Blas: tirim, comhchuí, bog, sainiúil;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir)	

2. Tintilia del Molise **rosato**

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: bándearg de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: imir de bhlas torthaí;

Blas: tirim, úr, comhchuí, torthaíoch;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir)	

3. Tintilia del Molise **rosso riserva**

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: gairnéad ar a bhfuil blas séimh oráiste;

Dea-bholadh: spíosrach, domhain, sainiúil;

Blas: tirim, comhchuí, bog, sainiúil;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23 g/l.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iomlán íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 ghram in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleachoibhéis in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fíonóireachta:

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór 2 bhliain aosaithe a dhéanamh ar fhíonta *rosso riserva*. Tosóidh an tréimhse aosaithe ar an 1 Samhain den bhliain ina mbuaintear na fíonchaora.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Tintilia del Molise *rosso* agus *rosato*

56 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Tintilia del Molise *rosso* agus *rosato*

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Tintilia del Molise *rosso riserva*

44 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Tintilia del Molise *rosso riserva*

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Áirítear sa limistéar geografach a shainítear in Airteagal 3 den tsonraíocht táirge cnoic agus cnoic Molise idir sléibhte Frentani agus Matese, a thagann anuas i dtreo Mhuir Aidriad trí ghleannta Trigno, Biferno agus Fortore. Is éard atá sa limistéar táirgthe le haghaidh "Tintilia del Molise" an talamh atá oiriúnach chun fíon d'ardcháilíocht a tháirgeadh i gcríocha uile na 76 bhardasacht, nó i gcuid díobh, atá lonnaithe i gcúigí Campobasso agus Isernia.

7. **Cineálacha fíonchaoire**

Tintilia N.

8. **Tuairisc ar na naisc**

Tintilia del Molise

Is ionann an limistéar críochaithe agus thart ar aon trian den talamh sa réigiún. Tá sé sách aonchineálach ó thaobh rilífe agus comhdhéanamh ithreach de ach tá na dálaí aeráide éagsúil, agus meánluachanna bliantúla idir 13,5 °C agus 14,8 °C ann i gcás na teochta agus idir 696,8 mm agus 1 067 mm ann i gcás báistí. I gcomhar leis na héagsúlachtaí sna cineálacha ithreach agus sa ghné ithreach, tá tionchar suntasach aige seo ar chaighdeán na bhfíonchaora agus na bhfíniúnacha. Tá na fíniúnacha Tintilia dúchasach don cheantar agus tá tréithe dea-shainithe agus so-aitheanta acu, a chomhcheanglaíonn an t-idirghníomhú inláimhsithe idir an comhshaol agus na cleachtais fíonsaothrúcháin agus fíon a dhéanamh, mar thoradh ar fhíonta an-sainiúil atá inaitheanta láithreach.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Maolú ar an gceanglas nach mór fíonóireacht agus aosú a dhéanamh sa limistéar geografach críochaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll bhreise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Agus an maolú dá bhforáiltear le hAirteagal 5(1)(a) agus (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún á chur i bhfeidhm, féadfar na hoibríochtaí fíonóireachta (lena n-áirítear aosú), agus sa limistéar táirgeachta críochaithe, a dhéanamh freisin i saoráidí atá suite díreach i ngaireacht dóibh, i.e. in aon chuid de chríoch riaracháin bhardasacha Campomarino agus Termoli i gcúige Campobasso.

Tá sé seo ann chun táirgeadh traidisiúnta na n-oibreoirí atá lonnaithe sna limistéir bhardasacha sin a chur san áireamh.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/18602